Treoir d'iarbhunscoileanna maidir le beartas a fhorbairt i dtaca le húsáid húsáid ionstraimí measúnachta (lena n-áirítear trialacha agus acmhainní gréasánbhunaithe)

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

(LNTO) Lúnasa, 2015

Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don Lámhleabhar Scoile um Threoir

Clár

Réamhrá 3
Treoir maidir le Beartas a Fhorbairt.....4
Aguisín I: Teimpléad do Bheartas i dTaca le hIonstraimí Measúnachta 6
Aguisín II: Teimpléad d'Fhoirm Toilithe Tuismitheoirí 7
Aguisín III: Teimpléad do Bhileog Eolais Ceisteanna Coitianta do Thuismitheoirí/Caomhnóirí 8
Tuilleadh Eolais 10

Réamhrá

Is í aidhm na treorach seo ná cuidiú le bainistíocht agus foireann scoile beartas a fhorbairt i dtaca le húsáid ionstraimí measúnachta i scoileanna. Áiríonn ionstraimí measúnachta trialacha gnóthachtála, inniúlachta agus diagnóiseacha. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi shainmhínithe agus riachtanais um dhea-chleachtas i scoileanna, déan tagairt do *Imlitir 0034/2015* ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugtar an nasc anseo thíos.

Sa treoir seo leagtar amach réimsí ba chóir a mheas agus a phlé nuair a chuirtear scoláirí faoi ionstraimí measúnachta. Ina theannta sin, tá roinnt teimpléad sna haguisíní is féidir a úsáid chun tacú le beartas scoile a fhorbairt maidir le húsáid ionstraimí measúnachta.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le ionstraimí measúnachta a úsáid i scoileanna, déan tagairt do na foilseacháin seo a leanas:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) – *Imlitir 0034/2015* http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0034_2015_ir.pdf
- Pas Oideachais CNCM: http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas-Luath-ige-agus-Bunscoile/Oideachas-Bunscoile/Measúnú/Tuairisciu_agus_aistriu/aistriu/Scoileanna-Bunleibh-al-agus-iarbhunleibheal.html
- Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO (2015): Declan Fitzgerald - *Video Role Play: Provision of Feedback on Psychometric Test Results* http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Video-Role-Play-Provision-of-feedback-on-psychometric-test-results/51
- Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO (2015): Hugh Jones - *Data Protection: Consent in the School Context (Cosaint Sonraí: Toiliú i gComhthéacs na Scoile)* http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Data-Protection-Consent-in-the-School-Context/53
- Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO (2014): Declan Fitzgerald and Ciara Farrell - *Best Practice, Ethical and Legal Considerations in Psychometric Testing for Guidance Counsellors (Cúrsaí Dea-chleachtais, Eitice agus Dlí sa Tástáil Shíciméadrach do Threoirchomhairleoirí)* http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Best-Practice-Ethical-and-Legal-Considerations-in-Psychometric-Testing-for-Guidance-Counsellors/39
- Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO (2013): Hugh Jones - *Data Protection for the Guidance Counsellor (Cosaint Sonraí don Treoirchomhairleoir: Bainistíocht Sonraí Chomhlíontach)* http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Data-Protection-for-the-Guidance-Counsellor-Issues-To-Plan-For/3

Treoir maidir le Beartas a Fhorbairt

Ba chóir do bheartas na scoile maidir le húsáid ionstraimí measúnachta plé leis na réimsí seo a leanas.

1. Aidhm an bheartais agus sainmhíniú ar ionstraimí measúnachta (ba chóir na catagóirí éagsúla a úsáideann scoileanna a shonrú i.e. gnóthachtáil/inniúlacht/suim/diagnóiseach srl).
2. Róil agus freagrachtaí na foirne i leith an bheartais (cé hiad na baill foirne atá páirteach i bhforbairt, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar an mbeartas seo).
3. Inneachar an bheartais:
    a. An bunús le hionstraimí measúnachta a riar i scoileanna (déan idirdhealú idir thrialacha gnóthachtála, inniúlachta, suime agus diagnóiseacha toisc gur féidir aidhmeanna an-éagsúla a bheith acu – ba chóir na haidhmeanna atá acu uile a léiriú, toisc go n-éilíonn an reachtaíocht um chosaint sonraí go ndéanfar sonraí a phróiseáil i gcomhair leis an aidhm dá mbailíodh iad ar an gcéad dul síos. I measc na samplaí den aidhm atá le trialacha inniúlachta a riar tá: cúiseanna scagtha, cuidiú le roghnú ábhair srl).
    b. Nósanna imeachta um thoiliú feasach – toiliú na dtuismitheoirí (nuair atá an scoláire faoi bhun 18 mbliana d'aois) agus na scoláirí – conas a lorgófar toiliú. Ba chóir toiliú na dtuismitheoirí le riar ionstraimí measúnachta a lorg nuair a chláraítear an scoláire sa scoil. Ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas, ag an bpointe iontrála, faoi réimse na n-ionstraimí measúnachta a d'fhéadfaí a riar ar a leanbh, d'fhonn tacú le foghlaim agus forbairt a linbh. Ba chóir a rá le tuismitheoirí go gcuirfear torthaí na dtrialacha uile a riarfar in iúl dóibh.
    c. Ní mór an aidhm atá riar ionstraimí measúnachta a léiriú go soiléir ar an fhoirm toilithe na dtuismitheoirí/caomhnóirí. Is féidir a fhoirm toilithe, ar cheart go gcuimseodh sí riar trialacha le linn cúig/sé bliana d'am an scoláire sa scoil, a shíniú nuair atá an scoláire cláraithe. Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith ar an bhfoirm toilithe:
        i. cathain[1] a riarfar na hionstraimí measúnachta i.e. an chéad bhliain/an idirbhliain srl
        ii. eolas faoi gcaoi ina ndéanfar na sonraí a phróiseáil
        iii. na daoine a mbeidh rochtain acu ar na sonraí agus conas a bhainfidh an scoil úsáid astu
        iv. cé chomh fada (agus cén áit) a choinneoidh an scoil na sonraí
        v. conas a chuirfear na torthaí in iúl do thuismitheoirí agus scoláirí.
    d. Riar, scóráil, léirmhíniú agus aiseolas – róil agus freagrachtaí laistigh d'fhoireann na scoile. Níor chóir ach d'fhoireann scoile atá cáilithe agus inniúil mar is cuí (déan tagairt do: http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0034_2015_ir.pdf) a bheith páirteach sa

[1] Moltar gan ionstraimí measúnachta a úsáid ach le scoláirí atá cláraithe sa scoil faoi láthair, agus ní ar scoláirí sula gclárófar iad. Tacaíonn an Pas Oideachais le haistriú eolais maidir le daltaí ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna agus cuidíonn sé le hiarbhunscoileanna déileáil le riachtanais scoláirí.

riar, scóráil, léirmhíniú agus aiseolas ar ionstraimí measúnachta. Ní mór don fhoireann uile atá páirteach sa riar ar ionstraimí dá leithéid na treoracha atá leagtha amach sa leabhrán a leanúint go cruinn sa chaoi is go mbeidh iontaofacht agus bailíocht na dtrialacha ard.

e. Riar ionstraimí ar scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO), Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) srl. Tabhair faoi deara go mb'fhéidir nach mbeidh sé iomchuí ionstraimí áirithe a riar ar scoláirí le riachtanais bhreise.
f. Próiseáil agus rochtain ar shonraí - conas a déanfar próiseáil ar an sonraí agus cé acu a bheidh rochtain ar an sonraí, agus cén fáth.
g. Stóráil agus coinneáil sonraí – cá gcoinneofar iad i.e. i gcóip chrua/bhog, agus cé chomh fada a choinneoidh an scoil an fhaisnéis. Tabhair faoi deara, má chuirtear ionstraimí measúnachta i gcrích ar líne tá sé de fhreagracht ar an scoil a bhunú cá stóráilfear na sonraí. Má stóráiltear na sonraí go leictreonach lasmuigh den AE tá impleachtaí ann maidir le cosaint sonraí. Tabhair faoi deara, i gcás roinnt ionstraimí, go dtugann roinnt foilsitheoirí le fios go mbainfidh siad úsáid as na sonraí do chúiseanna taighde. I gcás dá leithéid, ní mór é seo a mhíniú do thuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí maidir le toiliú feasach.
h. Aiseolas a sholáthar do thuismitheoirí agus scoláirí maidir le scóir i dtrialacha (tabhair faoi deara gur leis an scoláire na sonraí agus mar sin go bhfuil cead aige/aici rochtain a fháil orthu faoin reachtaíocht). Conas a chuirfear scóir sna trialacha in iúl do thuismitheoirí agus scoláirí m.sh. scóir loma, scóir chaighdeánacha srl? Ba chóir don scoil a chinntiú go gcuirtear scóir sna trialacha[2] i láthair a bhealach a thuigeann tuismitheoirí agus scoláirí go héasca iad.

4. An dáta ar a cheadaigh an Bord Bainistíochta an beartas
5. Athbhreithniú ar an mbeartas – an dáta atá aontaithe d'athbhreithniú agus nuashonrú ar an mbeartas

[2] Nóta: Níor chóir peircintílí a úsáid toisc gur féidir iad a mheascadh le céatadáin, agus toisc nach dtuigtear go héasca iad.

Aguisín I: Teimpléad do Bheartas i dTaca le hIonstraimí Measúnachta

Is féidir le scoileanna an teimpléad seo a úsáid nuair atá beartas á fhorbairt acu maidir le hionstraimí measúnachta.

Ainm na Scoile(ina iomláine):

Aidhm an Bheartais seo:

Sainmhíniú ar ionstraimí measúnachta do chúiseanna an bheartais:

Róil agus freagrachtaí foirne maidir leis an mbeartas seo:

An dáta ar a cheadaigh an Bord Bainistíochta an beartas:

An dáta d'athbhreithniú ar an mbeartas:

Noda maidir le hÁbhar an Bheartais

Aidhm na Tástála sa Scoil Aidhm agus cathain a riarfar i.e. cén bhliainghrúpaí
Toiliú Feasach[3] Conas a lorgófar agus cé uathu
An fhoireann atá páirteach i riar ionstraimí measúnachta (lena n-áirítear léirmhíniú ar scóir, aiseolas a sholáthar) Luaigh an fhoireann atá páirteach, a róil agus freagrachtaí
Riar ar scoláirí le RSO/BTB srl Rudaí breise le plé maidir le scoláirí RSO/BTB
Rochtain ar Shonraí Cé acu a bhfuil rochtain agus cén fáth
Stóráil agus Coinneáil Sonraí Cén áit a stóráilfear iad, cén fhormáid, ar feadh cé mhéid ama
Aiseolas a Sholáthar Cé leis, conas a chuirfear aiseolas i láthair, formáid an aiseolais – scóir loma, scóir chaighdeánacha …

[3] Is féidir toiliú feasach a lorg ar ócáid amháin nuair a bhíonn an scoláire á chlárú mar a luaitear ag 3b thuas.

Aguisín II: Teimpléad d'Fhoirm Toilithe Tuismitheoirí

Is féidir le scoileanna an teimpléad seo a úsáid agus a leasú agus iad ag lorg toilithe ó thuismitheoirí le hionstraimí measúnachta a riar ar scoláirí.

Dáta:

Re: Riar Ionstraimí Measúnachta ar Scoláirí

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir agus a Scoláire,

Le linn oideachas do mhic/d'iníne ar Ainm Scoile, beidh an deis aige/aici páirt a ghlacadh i réimse leathan de ghníomhaíocht measúnaithe mar chuid den ghnáth-theagasc agus den ghnáth-fhoghlaim.

Féadfar trialacha speisialta eile a riar ar fhorbairt oideachais agus foghlaim d'iníne/do mhic chomh maith lena c(h)uid forbartha gairme. Féadfar trialacha gnóthachtála, inniúlachta, diagnóiseacha agus suime a bheith sna trialacha sin.

Roinnfear torthaí na dtrialacha uile dá leithéid ar thuismitheoirí agus scoláirí. B'fhéidir go mbeidh cúis ann freisin le trialacha a riar ar bhonn aonair ar do mhac/iníon chun tacú le c(h)uid foghlama, dul chun cinn agus gnóthachtála. Ní chuirfear trialacha dá leithéid i bhfeidhm ach i ndiaidh comhairliúchán le tuismitheoirí.

Tá bileog eolais iniata le Ceisteanna Coitianta a phléifidh, b'fhéidir, le ceisteanna breise a d'fhéadfadh a bheith agat maidir lena bhfuil luaite thuas. Ina theannta sin, tá beartas na scoile maidir le húsáid ionstraimí measúnachta ar fáil ar shuíomh gréasán na scoile www.seoladhgréasáinnascoile.ie

Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le x ball foirne. Le do thoil, seol an Fhoirm Toilithe chomhlánaithe thíos chuig rúnaí na scoile faoi (tabhair dáta).

Le meas

Príomhoide/Ball foirne

Foirm toilithe

Tugaimse, tuismitheoir/caomhnóir (ainm iomlán an linbh) cead as ionstraimí measúnachta a riar ar mo mhac/iníon fad a bheidh sé/sí ina scoláire sa scoil.

Ainm an tuismitheora/chaomhnóra: _____: Síniú:_____

Dáta: _____

Aguisín III: Teimpléad do Bhileog Eolais um Cheisteanna Coitianta do Thuismitheoirí/Caomhnóirí

Is féidir le scoileanna an teimpléad seo a úsáid agus a leasú chun eolas a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le húsáid na scoile ar ionstraimí measúnachta le scoláirí.

Cé a bheidh páirteach i riar ionstraimí measúnachta?

Ní bheidh ach foireann scoile atá cáilithe mar is cuí ag riar ionstraimí measúnachta, ina measc uaireanta beidh múinteoirí ábhair, treoirchomhairleoir na scoile agus/nó an múinteoir tacaíochta foghlama (ar brath ar nádúr na trialach).

Conas a chosnófar an fhaisnéis?

Cinnteoidh an scoil go gcoinneofar an fhaisnéis, faoi réir riachtanas um chosaint sonraí, slán sábháilte leis an rochtain teoranta do bhaill foirne scoile ainmnithe. I gcás faisnéise leictreonaí coinneofar í seo slán trí chosaint le pasfhocal. Ní bheidh rochtain ar an bpasfhocal seo ach ag baill foirne scoile ainmnithe.

Cé a bheidh ábalta an fhaisnéis agus na torthaí a rochtain?

D'fhonn a chinntiú go bhfaigheann do mhac/iníon an t-oideachas is fearr a thacaíonn lena c(h)uid forbartha, féadfar an fhaisnéis a chomhroinnt le múinteoirí do mhic/iníne faoi réir an chleachtais tástála bhunaithe. Tá sé seo ann lena chinntiú gur féidir cuir chuige teagaisc a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais foghlama agus stíleanna éagsúla scoláirí. Ina theannta sin, beidh rochtain ag an treoirchomhairleoir agus ag an múinteoir tacaíochta foghlama ar an bhfaisnéis.

Cé chomh fada agus a choinneoidh an scoil an fhaisnéis?

Coinneoidh an scoil an fhaisnéise go dtí seacht mbliana i ndiaidh dod' mhac/iníon scoil a fhágáil. Tá sé seo ag teacht le ceanglais um chosaint sonraí.

An gcuirfear na torthaí in iúl dúinn?

Cuirfear na scóir a fhaigheann a mic/iníonacha sna trialacha in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí uile. Cuirfear an fhaisnéis i láthair faoi réir an chleachtais tástála bhunaithe agus i bhformáid atá éasca le tuiscint.

Gheobhaidh scoláirí aiseolas freisin ar mar a d'éirigh leo. Tarlóidh sé seo trí chruinniú leis an treoichomhairleoir/múinteoir tacaíocht foghlama nó an múinteoir ábhair a rinne an trial a riar.

Tá Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) nó déanann sé/sí Béarla mar Theanga Bhreise (BTB), an bhfuil tástáil bhreise oiriúnach?

Sa chás go n-aithnítear go bhfuil Riachtanas Speisialta Oideachais ag do leanbh nó gur scoláire BTB é/í, agus go bhfuil an t-eolas seo curtha in iúl agat don scoil, b'fhéidir nach mbeidh sé riachtanach nó cuí dod' leanbh dul faoi thriail ar leith. Beidh ball d'fhoireann na scoile i dteagmháil leat sula riarfar triail chun é seo a phlé a thuilleadh leat.

Tuilleadh Eolais

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Imlitir 0034/2015* http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0034_2015_ir.pdf

JMB (2013). *Data Protection in Schools* http://www.dataprotectionschools.ie/en/

Declan Fitzgerald (2015). *Video Role Play: Provision of Feedback on Psychometric Test Results*. I Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO. http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Video-Role-Play-Provision-of-feedback-on-psychometric-test-results/51

Declan Fitzgerald and Ciara Farrell (2014). *Best Practice, Ethical and Legal Considerations in Psychometric Testing for Guidance Counsellors (Cúrsaí Dea-chleachtais, Eitice agus Dlí sa Tástáil Shíciméadrach do Threoirchomhairleoirí)*. I Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO. http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Best-Practice-Ethical-and-Legal-Considerations-in-Psychometric-Testing-for-Guidance-Counsellors/39

Hugh Jones (2015). *Data Protection: Consent in the School Context (Cosaint Sonraí: Toiliú i gComhthéacs na Scoile)*. I Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO. http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Data-Protection-Consent-in-the-School-Context/53

Hugh Jones (2013). *Data Protection for the Guidance Counsellor (Cosaint Sonraí don Treoirchomhairleoir: Bainistíocht Sonraí Chomhlíontach).* I Lámhleabhar Scoile um Threoir LNTO. http://schoolguidancehandbook.ncge.ie/document-detail/Data-Protection-for-the-Guidance-Counsellor-Issues-To-Plan-For/3

CNCM (2015). Tástáil Chaighdeánaithe don Bhunoideachas. http://ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas-Luath-ige-agus-Bunscoile/Oideachas-Bunscoile/Measúnú/Triail-Chaighdeanaithe/ion/Primary-Education/Assessment/Standardised_Testing/

Pas Oideachais CNCM: http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas-Luath-ige-agus-Bunscoile/Oideachas-Bunscoile/Measúnú/Tuairisciu_agus_aistriu/aistriu/Scoileanna-Bunleibh-al-agus-iarbhunleibheal.htmlEducation/Primary-Education/Assessment/Report_Card_Templates/Transfer/Schools-Primary-and-Post-primary.html